Forbróidh an Binse beartais don todhchaí agus cuirfear gníomhartha inbhuanaithe i bhfeidhm i leith constaicí a bhaineann leis an bpaindéim. Beifear in ann na gníomhartha a choinneáil san fhadtréimhse ach beidh siad solúbtha a ndóthain ag an am céanna chun dul in oiriúint don staid athraitheach maidir le Covid-19.

Más ball den phobal gnó, íocóir rátaí, ball foirne údarás áitiúil nó comhalta tofa d'údarás áitiúil thú, tá súil agam go nglacfaidh tú an t-am chun an Plean seo a léamh agus tuiscint a fháil ar an gcaoi atá beartaithe againn a chur orainn féin chun dul i ngleic leis na dúshláin éagsúla atá romhainn.

Glacaim buiochas ar leith le comhaltaí an Bhinse agus leis an bhfoireann riarrachán tacaíochta mar gheall ar a ndúthracht leanúnach, agus a dtoilteanas glacadh le hathrú d'fhonn próiseas achomhairc a bheith ann atá nós fearr, níos éifeachtúla, níos neamhchlaonta agus níos oscailte. Cé go dtuigimid na dúshláin agus an obair chrua atá romhainn, táimid muiníneach go mbainfear amach feabhsuithe leanúnacha inár seirbhís le linn tréimhse an Phlean seo.

Brendan Buggy
Cláraitheoir an Bhinse Luachála

An Binse Luachála – Maidir linne agus an méid a dhéanaimid

Comhlacht reachtúil neamhspleách is ea an Binse Luachála. Bunaíodh é faoin Acht Luachála 1988 agus coimeádadh i bhfeidhm é faoi na hAchtanna Luachála 2001 – 2020 chun achomhairc in aghaidh chinntí an Choimisinéara Luachála (an Oifig Luachála) a éisteacht maidir le maoine tráchtála agus tionscail a luacháil agus a athluacháil chun críocha rátála.

Chomh maith leis sin, éisteann an Binse achomhairc a dhéanann úinéirí láithreán tréigthe in aghaidh cinntí ó údarás áitiúla maidir le luach margaidh na láithreán sin faoin Acht um Láithreán Thréigthe 1990 agus achomhairc faoin Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015 in aghaidh cinntí ó údarás phleanála maidir leis an luach margaidh i ndáil le láithreán thréigthe. Faoi réir ceart achomhairc chuitg an Ard-Chúirt trí bhíthin cás a luaitear ar phoc dlí, tá cinneadh an Bhinse Luachála ina chinneadh deiridh.

Cuimsíonn an Binse Luachála Cathaoirleach agus leaschathaoirligh agus is i ngairmeacha dlí agus gairmeacha luachála maoine a oibríonn gnáthchomhaltaí den chuid is mó.

Faigheann comhultaí an Bhinse Luachála tacaíocht riarracháin ón gCláraitheoir agus ó lón beag foirne atá lonnaithe ag oifig an Bhinse Luachála i dTeach Holbrook, Sráid Holles, Baile Átha Cliath 2.



Ár Ráiteas Misin

Táimid dúthrachtach faoi sheirbhís éifeachtúil, éifeachtach agus cothrom a chur ar fáil mar chomhlacht neamhspleách d'fhonn ár n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh agus seirbhís ard-chaighdeáin agus tréðhearcach a chur ar fáil do gach rannpháirtí i bpróiseas achomhairc an Bhinse.

Ár Sainordú

Feidhm lárnach an Bhinse Luachála is ea achomhairc in aghaidh chinntí an Choimisinéara Luachála maidir le maoine tráchtála agus tionscail a luacháil agus a athluacháil chun críocha rátála, agus achomhairc a dhéanann úinéirí láithreáin thréigthe agus láithreáin fholmha ina aghaidh cinntí a dhéanann údaráis áitiúla maidir le luach margaidh na láithreán sin a éisteacht agus a chinneadh ar bhealach cothrom agus neamhchlaonta.

Ár mBunlua -channa

Neamhspleáchas agus neamhchlaontacht:

D'fhonn a neamhspleáchas a threisiú maidir lena fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh

D'fhonn cothroime agus neamhchlaontacht a chinntí maidir le cinnteoiréacht

Gairmiúlacht agus Ionracas:

D'fhonn leibhéal ard saineolais agus ionracais a chur ar fáil

D'fhonn comhaltaí agus an fhoireann riarracháin a spreagadh maidir lena mbónn scileanna a fhorbairt

Freagrúlacht agus Inrochtaineacht:

D'fhonn bheith freagrúil do gach duine atá rannpháirteach san obair a ghabhann comhaltaí agus baill foirne orthu féin

D'fhonn ceisteaná a láimhseáil go mear, go cothrom agus le meas

D'fhonn leas a bhaint as teicneolaíocht chun an próiseas páipéir a chuichíriú

Rannpháirtíochta agus Tréðhearcacht

D'fhonn an leibhéal uasta cuntasactha a chur ar fáil atá comhsheasmhach le gné gharbhreithiúnach a fheidhmeanna reachtúla

D'fhonn cinnte a dhéanamh de go bhfuil nósanna imeachta oscailte, tréðhearcach agus comhsheasmhach chun an rannpháirtíocht is mó agus is féidir ón bpobal sa chóras achomhairc a spreagadh

Príomhchuspóirí Straitéiseacha 2021 - 2023

Tá líon gníomhartha spriocdhírithe ag teastáil ar feadh tréimhse an Phlean seo maidir leis an bpróiseas achomhairc a nua-aoisiú ionas gur féidir déileáil le cásanna ar bhealach níos éifeachtúla agus níos tráthúla; agus chun próiseas achomhairc níos láidre a chur ar bun atá dírithe níos mó ar shaoránaigh.

Rialachas agus Maoirseacht níos fearr

- Oibreoidh an Binse i gcomhréir leis an *gCód Cleachtais chun Comhlacthaí Stáit a Rialú* i gcónaí, lena n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsíú agus páirt a ghlagadh i gComhaontú Maoirseachta leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (**Cuspóir Straitéiseach 1**)

An Binse a Chlaochlú agus a Chumasú

- Oibreodh an Binse i ndlúthchomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun plean fórsa oibre a fhorbairt chun éascaíocht a dhéanamh ar a struchtúr foriomlán a atheagrú. (**Cuspóir Straitéiseach 2**)


An Próiseas Achomhairc ICT a Nua-aoisiú

- Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar chleachtais oibre reatha ar fud an phróisis achomhairc chun réimsí a aithint ina bhféadfaí éifeachtúlacht a chruthú do dhaoine atá rannpháirteach sa phróiseas achomhairc agus próiseas achomhairc níos fearr a chruthú do shaoránaigh araon trí úsáid níos fearr a bhaint as cleachtais ICT nua-aimseartha. (**Cuspóir Straitéiseach 3**)

Ag Oibriú lenár bPáirtithe Leasmhara

Cé gur Comhlacht Reachtúil neamhspleách é an Binse Luachála, mar chuid dár bhfeidhmeanna reachtúla, glactar le hoibriú ar bhealach coláisteach le páirtithe leasmhara líonmhara agus éagsúla. Le linn shaolré an Phlean Straitéisigh seo (agus ina dhiaidh sin), leanfaidh an Binse Luachála dá shamhail oibríochta bharrmhaith a forbairt ag féachaint do riachtanais ilchineálacha ár bpáirtithe leasmhara, idir pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Éistfimid go gníomhach le tuairimí ár bpáirtithe leasmhara ar fad d'fhoinn an próiseas achomhairc is éifeachtúla agus is cuíchóirithe a chur ar fáil do na daoine a bhaineann leas ar ár seirbhísí.

Páirtithe Leasmhara an Bhinse Luachála



Príomhrioscaí agus Constaicí Féideartha

Tá sé tábhachtach bheith ar an eolas faoin timpeallacht eagraíochtúil ina bhfeidhmíonn an Binse Luachála agus faoi na constaicí atá roimh an mBinse maidir le feidhmiú ar an mbealach is éifeachtúla. Sa chomhthéacs seo, leagtar amach sa tábla thíos na príomhréimsí riosca nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun cur ar chumas an Bhinse oibriú ag an leibhéal éifeachtúlachta is fearr.

	Riosca / Constaic	Maolú
1	<p>Tá an Binse Luachála faoi thionchar custaiméirí agus dá réir sin ní féidir an t-ualach achomharc a thuar go cruinn ós rud é go bhfuil sé sin ag brath go hiomlán ar ghníomhaíocht pháirtithe an achomhairc a bhuíochas don phróiseas rialála.</p> <p>Mar sheirbhís faoi thionchar éilimh, bíonn tionchar suntasach ag gníomhaíochtaí páirtithe achomhairc ar phleanáil eagraíochtúil an Bhinse.</p>	Plean fórsa oibre láidir a fhorbairt ina léiritear agus ina gcuirtear tacaíocht leordhóthanach ar fáil i ndáil le hualach oibre méadaithe an Bhinse Luachála.
2	<p>Is beag athrú atá tagtha ar struchtúr an Bhinse Luachála ó bunáiodh é breis agus 30 bliain ó shin cé go bhfuil go leor athruithe tagtha ar an timpeallacht oibre ina bhfeidhmíonn sé, lena n-áirítear Clár Náisiúnta Athluachála an Bhinse Luachála a leathadh amach. I gcaitheamh na tréimhse sin, tá méadú ar bhonn seasta tagtha ar líon na n-achomharc a dhéantar chuig an mBinse ach níl athrú ar bith ar an bpróiseas cinnteoireachta ná an struchtúr líon foirne.</p>	Mar atá thuas.
3	<p>Feiliúnacht na cóiríochta oifige maidir le cumas an t-ualach oibre achomhairc a chomhlíonadh. Faoi láthair, feidhmíonn an oifig gan ach dhá sheomra achomhairc ar fáil. Ní leor sin chun líon na n-éisteachaí a theastaíonn ón mBinse a bhaint amach maidir le cinneadh a dhéanamh ar achomhairc de réir an leibhéal éifeachtúlachta is fearr.</p>	Beidh sé mar aidhm ag an mBinse seomraí éisteachta breise a fháil chun líon na n-éisteachaí ó bhéal a éistear a mhéadú. Cuirfidh sé sin leis na cianéisteachaí agus le cinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc atá bunaithe ar dhoiciméad.
4	<p>An tionchar oibríochta a d'fhéadfadh bheith i gceist le Rialacha nua an Bhinse Luachála ina leagtar amach agus ina rialaítear an cleachtas agus an nós imeachta atá le leanúint i meicníocht achomhairc an Bhinse Luachála.</p>	Beidh na hachomhairc a eascraíonn as Clár Athluachála 2019 ar na chéad chinn a éistfear faoi rialacha nua an Bhinse agus déanfar faireachán ar na cásanna sin lena chinntí go bhfuil na rialacha nua ag oibriú de réir mar a beartaíodh d'fhoinn éifeachtúlachta maidir le hachomhairc a phróiseáil a fheabhsú.
5	<p>Bhí drochthionchar ag an bpaindéim Covid-19 ar an gcaoi a a dhéanann an Binse a chuid gnó agus beidh orainn aird faoi leith a thabhairt ar impleacthaí Covid-19 maidir leis na srianta náisiúnta sa mheántréimhse/fadtréimhse.</p>	D'fhorbair an Binse Plean Freagartha um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte le go mbeadh an fhoireann in ann bheith i láthair in Oifig an Bhinse ar bhealach sábháilte ar bhonn agaithe. Ar an mbealach céanna, chuireamar túis le cianéisteachaí d'achomhairc i lár na bliana 2020 agus déanaimid achomhairc atá bunaithe ar dhoiciméad nach bhfuil éisteacht ionlán ó bhéal ag teastáil ina leith a chur chun cinn.

Sreabhadh Oibre an Bhinse Luachála

Athluacháil

Eisíonn an bainisteoir luachála (an Oifig Luachála) Deimhniú Luachála ina leagtar amach an luacháil nua chuig an íocóir rátaí i ndiaidh luacháil a dhéanamh ar mhaoin den chéad uair nó i ndiaidh athluacháil a dhéanamh (mar chuid den chlár náisiúnta athluachála). Más mian le híocóir rátaí a leithéid a dhéanamh, tá tréimhse 28 lá acu ón am a fuarthas an Deimhniú Luachála deiridh chun achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Luachála. Tá clár náisiúnta athluachála á chur i gcrích ag an Oifig Luachála agus dá bharr sin, is athluachálacha formhór na n-achomharc a chuirtear isteach chuig an mBinse.

Tá an plódú isteach seo in achomhairc athbhreithnithe mar bheiris ar *Athbhreithnithe, Achomhairc maidir le Láithreáin Thréigthe agus Achomhairc maidir la Láithreáin Fholmha*, atá mar ghné sheasmhach ó thaobh iad a bheith á bhfáil ag an mBinse go leanúnach agus ó thaobh an riachtanais iad a phróiseáil agus a ullmhú i gcomhair éisteachta ar an mbealach céanna le achomhairc athluachála.

Athbhreithniú

I ndiaidh luacháil a shocrú do mhaoin, ní athraíonn an luacháil ó bhliain go bliain ach fanann an luacháil mar a socraíodh í go dtí go ndéanfar an chéad ordú luachála eile. Mar sin féin, d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar luacháil maoine faoi na hAchtanna Luachála 2001-2015 i gcás go bhfuil "Athrú Ábhartha ar na himthosca" ón am deiridh a rinneadh luacháil ar an maoine. Tá sé de chumhacht ag bainisteoir athbhreithnithe an luacháil maoine atá ar an Liosta Luachála a leasú má tá sé nó sí sásta go bhfuil athrú ábhartha ar na himthosca tagtha chun cinn ón am a cuireadh an luacháil deiridh i gcrích. Chomh maith leis sin, is féidir achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Luachála maidir le toradh athbhreithnithe. Ní mór achomharc a thaisceadh laistigh de 28 lá ón dáta a d'eisigh an bainisteoir athbhreithnithe an deimhniú luachála lena mbaineann nó ón dáta a rinne an bainisteoir athbhreithnithe an fógra lena mbaineann.


An tAcht um Láithreáin Thréigthe 1990 (Achomharc maidir le Láithreán Thréigthe)

De réir alt 22(4) den Acht um Láithreáin Thréigthe 1990, is féidir le húinéir láithreáin thréigthe achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Luachála faoin gcinneadh a dhéanann údarás áitiúil maidir le luach margaidh an láithreáin sin. Níl de chumhacht ag an mBinse ach déileáil le cinneadh an luach margaidh faoin Acht seo chun críocha an tobhach maidir le láithreáin thréigthe a ghearrann an t-údarás áitiúil a ríomh.

An tAcht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015 (Achomharc maidir le Láithreán Folamh)

De réir alt 13(1) den Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015, is féidir le húinéir láithreáin fholaimh achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Luachála in aghaidh cinneadh maidir le luach margaidh an láithreáin de réir mar a chinneann údarás pleannala é faoin Acht. Níl de chumhacht ag an mBinse ach déileáil le cinneadh an luach margaidh faoin Acht seo chun críocha an tobhach maidir le láithreáin fholma a ghearrann údarás áitiúil a ríomh agus níl sé de chumhacht ag an mBinse déileáil le haon saincheisteanna eile a thagann chun cinn idir na páirtithe.

Faoi réir ceart achomhairc chuig an Ard-Chúirt ar phoc dlí, tá cinneadh an Bhinse Luachála maidir le hachomharc atá faoina bhráid ina chinneadh deiridh.



Fíor 1: Sreabhadh Oibre an Bhinse

Cuspóir Straitéiseach 1

Comhlíonadh Cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chinntiú

Rialachas agus Maoirseacht

Tá an Binse Luachála ina chomhlacht neamhspleách faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, a bhfuil Alt 12 agus Sceideal 2 de na hAchtanna Luachála 2001 go 2020 mar bhonn agus mar thaca reachtach ina leith.

Luaitear sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* gur chóir go mbeadh socruite maoirseachta i scríbhinn ag Ranna le Comhlachtaí Stáit atá faoina gcoimirce atá oiriúnach do scála, cineál, freagrachtaí agus feidhmeanna an comhlachta Stáit. Tá dea-rialachas san earnáil phoiblí ann lena chinntiú go mbaineann eintitis a gcuid torthaí beartaithe amach de réir mar a shainmhínítear ina reachtaíocht rialaitheach agus ina bPlean Straitéiseach fad a oibríonn siad chun leas an phobail. Teastaíonn socruite éifeachtacha ina leith sin chun torthaí a shainmhíniú maidir le tairbhí inbhuanaithe geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil agus ba chóir iad a chur san áireamh i gcomhaontú maoirseachta an chomhlachta stáit lena Aire/Máthair-Roinn ábhartha.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh córais láidre rialachais, bainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha i bhfeidhm maidir le reáchtáil laethúil an Bhinse. Ar an mbealach céanna, ní mór go mbeadh meas frithpháirteach i gceist maidir lenár gcaidreamh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Oifig Luachála agus údarás áitiúla, agus aitheantas á thabhairt don chaidreamh siombóiseach idir ár n-eagraíochtaí agus don tionchar atá ag ár ról ar ár dtosaíochtaí ar fad.

Chomh maith leis sin, teastaíonn nósanna imeachta éifeachtacha maidir le dea-rialachas agus cuntasacht d'fhoinn freagracht agus cuntasacht a shainmhíniú, buiséid a leithdháileadh, aschuir agus torthaí a bhfuil súil leo a shainmhíniú mar aon le nósanna imeachta soiléire a bheith ann chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht, agus **cuirfimid na príomhghnáomhartha seo a leanas i bhfeidhm chun an cuspóir straitéiseach sin a bhaint amach:**

Cuspóir Straitéiseach 1 – Na Príomhghníomhartha	
1.1	Foilseoidh an Binse Luachála Tuarascáil Bhliantúil ina leagfar amach, <i>inter alia</i> , staitisticí maidir le hachomhairc a fuarthas, a próiseáladh agus a tugadh chun deiridh le linn na bliana (ábhartha).
1.2	Déanfaimid Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta a ullmhú agus a chomhaontú leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
1.3	Cloífimid leis na ceanglais cosanta sonraí i gcónaí, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chur i bhfeidhm (GDPR).
1.4	Coinneoimid nósanna imeachta iomchuí um Nochtadh Cosanta maidir le nochtadh a bheith á dhéanamh ag comhaltaí agus baill foirne an Bhinse agus chun déileáil le nochtadh dá leithéid.
1.5	Cuirfidh an Binse socruithe i bhfeidhm maidir le faisinéis a chur ar fáil do chomhaltaí an Oireachtas i gcomhréir le Ciorclán DPER 25/2016.
1.6	Rachaimid i gcomhairle leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus leis an Oifig Luachála go rialta maidir lenár bpróiseáil ghnó a bharrfheabhsú.
1.7	Rachaimid i dteagháil leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun moltaí an Athbhreithnithe Thréimhsíúil Chriticiúil den Bhinse Luachála a chur chun cinn.
1.8	Cloífimid leis na beartais airgeadais riachtanacha i ndáil le buiséid agus tuairisciú bliantúil.


<i>Dul chun cinn maidir le Rialachas agus Cuntasacht (2020)</i>	
1.1	Sa bhliain 2020, d'ullmhaigh an Binse Luachála a chéad Tuarascáil Bhliantúil (maidir le 2019).
1.2	Den chéad uair, tá Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta tugtha chun críche agus comhaontaithe ag an mBinse leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúla agus Oidhreachta don bhliain 2020. Déanfar an Comhaontú a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil.
1.3	Cuireann an Binse a bheartas um chosaint sonraí i bhfeidhm ag féachaint don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR). Treisítear úsáid agus cosaint cheart sonraí pearsanta trí Bheartas Príobháideachta an Bhinse, ar féidir teacht air ar láithreán gréasáin an Bhinse ag https://www.valuationtribunal.ie/about-us/privacy-policy/
1.4	Chuir an Binse faisnéis i scríbhinn ar fáil dá fhostaithe maidir leis na noctuithe cosanta atá curtha ar bun agus á gcoinneáil. Tá Beartas agus Nósanna Imeachta an Bhinse Luachála maidir le Tuairisciú um Nochtadh Cosanta ar fáil ar an láithreán gréasáin – https://www.valuationtribunal.ie/
1.5	Déanann an Binse seoladh ríomhphoist tiomnaithe a choimeád agus a chur ar fáil do chomhaltaí Oireachtais i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach i gCiorclán DPER 25/2016.
1.6 / 1.7	In 2018, bhunaigh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag an am Grúpa Oibre d'fhonn feabhsuite i gcuntasacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a dhaingniú maidir leis an mbealach ina bhfeidhmíonn an Binse. Cuireadh an t-athbhreithniú tréimhsíúil criticiúil i gcrích in 2019 agus oibríonn an Binse agus an Roinn i ndlúthchomhar lena chéile i gcónraí chun na príomh-mholtaí a leagtar amach san athbhreithniú a chur chun cinn.

Cuspóir Straitéiseach 2

Oibreoidh an Binse i ndlúthchomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun plean fórsa oibre láidir a fhorbairt chun éascaíocht a dhéanamh ar a struchtúr foriomlán a atheagrú.

Tacaíocht Riaracháin

Tacaíonn foireann an Bhinse Luachála le feidhm riaracháin na hOifige agus déanann an fhoireann maoirseacht ar reáchtáil laethúil an Bhinse. Le linn an bliana 2020, d'fhostaigh an Binse triúr baill foirne breise (Oifigeach Feidhmiúcháin amháin agus beirt Oifigigh Chléireachais) d'fhonn an lín ball foirne a mhéadú go naonúr. Faoi láthair, freastalaíonn an Cláraitheoir agus an Leas-Chláraitheoir ar gach éisteacht agus tugann siad tacáiocht dhíreach do chomhaltaí an Bhinse.



Fíor 2: Tacaíocht riaracháin an Bhinse Luachála 2020

Sa bhliain 2020 chuir an fhoireann riaracháin deireadh le 424 achomharc, ar próiseas é a raibh liostaí bainistithe cás, cúnamh ginearálta a chur ar fáil d'amharcóirí, freagróirí agus páirtithe leasmhara, comhfhireagras reachtúil a eisiúint agus tacáiocht a thabhairt do chomhaltaí an Bhinse ar bhonn laethúil ag baint leis.

Gné ríthábhachtach maidir le rath na heagraíochta is ea na baill foirne agus tacóimid leo i gcónai maidir lena gcuid scileanna a fhorbairt agus an sásamh a bhaineann siad as an bpost a mhéadú. Tá sé mar aidhm againn a chinntíú go bhfuil ár ndóthain ball foirne riaracháin, speisialtóra agus teicniúla againn chun tacú leis an mBínse aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn.

Comhaltaí an Bhinse

Tá 33 comhalta ar an mBinse faoi láthair, lena n-áirítear Cathaoirleach amháin, 9 Leaschathaoirligh agus 23 Ghnáthchomhalta, a oibríonn i ngairmeacha dlíthiúla/suirbhéireachta cairte den chuid is mó. Ceaptar gnáthchomhaltaí ar feadh téarma cúig bliana agus d'fhéadfaidís athcheapachán a lorg (ar feadh cúig bliana eile). Ceaptar comhaltaí trí fhostaíocht tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, thar ceann an Bhinse (le comhthoil an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta).

Tagann an Binse le chéile i gcomhair cruinnithe i rannáin de thriúr agus déanann an Cathaoirleach nó ceann de na Leaschathaoirligh cathaoirleacht ar na cruinnithe. Mar gheall ar athruithe a tugadh isteach i ndáil le Sceideal 2 den Acht Luachála 2001, (a rinneadh faoin Acht Luachála (Leasú) 2015), is féidir le comhalta aonair den Bhinse achomharc a éisteacht nuair a mheastar gur féidir cinneadh a dhéanamh maidir leis an achomharc gan tabhaint faoi éisteacht ó bhéal (i.e. achomharc bunaithe ar dhoiciméad).

An Clár Náisiúnta Athluachála

Mar chuid den chlár náisiúnta athluachála atá ar siúl faoi láthair (ag an Oifig Luachála), tá thart ar 150,000 maoin tráchtala inrátáilte á luacháil. Is ionann an chéad luacháil náisiúnta a chur i gcrích ó lár an naoú haois déag agus gach limistéar údarás áitiúil a chur ar an timthriall leanúnach 5-10 mbliana i ndáil le luachálacha dá bhforáiltear sna hAchtanna Luachála 2001-2015, agus athrú ó bhonn agus nuachóiriú ar fad ar an gcóras luachála inrátáilte. Bhí iarmháirtí suntasacha ar ualach oibre an Bhinse Luachála mar gheall ar an gclár náisiúnta athluachála, agus thart ar 2,150 achomharc idir lámha i dtús na bliana 2021.

Leanfaidh an Oifig Luachála dá chlár náisiúnta athluachála “leanúnach” agus sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí bheith ag súil leis go réasúnach nach mbeidh an Binse in ann laghdú suntasach a dhéanamh ar líon na n-achomharc idir lámha (de réir mar atá ann faoi láthair) mar gheall ar líon an achomharc a dhéantar chuig an mBinse.

Acmhainn an Bhinse maidir leis an ualach oibre a chomhlíonadh

Feidhmíonn an Binse as dhá sheomra éisteachta faoi láthair. Ar an meán, maireann éisteachtaí leathlá, ach mar gheall ar a chasta is atá cuid de na hachomhairc, d'fhéadfadh níos mó ná suí amháin a bheith ag teastáil chun iad a thabhairt chun críche. Ciallaíonn sé sin gur féidir 10 n-éisteacht a riad in aghaidh na seachtaine ar an meán.

Sa bhliain 2020, bhí éisteacht iomlán ag an mBinse i gceist le thart ar 21% d'achomhairc a cinneadh, agus rinneadh an 79% eile a chomhaontú, a aistarraingt nó a chaitheamh amach. Is cuma má bhíonn éisteacht iomlán ina thoradh ar achomharc a dhéanamh, ní mór don fhoireann riarracháin in Oifig an Bhinse tabhaint faoi mhéid suntasach oibre. Chomh maith leis sin, tugann comhaltaí an Bhinse faoi mhéid suntasach taighde agus réamhoibre i ndáil le gach cás a shanntar dóibh.

Covid-19

Mar gheall ar an bpaindéim, tá moill curtha ar chumas an Bhinse cinneadh a dhéanamh ar achomhairc idir lámha. Cé gur cuireadh éisteachtaí ó bhéal ar athlá ó lár mhí an Mhárta 2020, reáchtáil an Binse an chéad chianéisteachta i mí Iúil 2020 agus táthar ag súil go mbeidh an Binse in ann líon suntasach cianéisteachtaí a thionóil i ngnáthchúrsa a shamhail oibríochta amach anseo. D'fhonn bheith in ann feidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí mar eagraíocht, déanfar athbhreithniú ar struchtúir an Bhinse le linn shaolré an Phlean seo agus **cuirfear an cuspóir straitéiseach seo i bhfeidhm ag féachaint do na príomhghníomhartha seo a leanas:**

Cuspóir Stráitéiseach 2 – Na Príomhghníomhartha	
2.1	Rachaimid i dteagháil leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun plean fórsa oibre láidir a fhorbairt agus a chomhaontú ina gcuirtear tacaíocht ar fáil maidir le hualach oibre méadaithe an Bhinse Luachála.
2.2	Cinnteoimid go mbeidh líon ball foirne iomchuí ann chun tabhairt faoin ualach oibre méadaithe mar thoradh ar mhéadú i líon na n-achomharc a chuirtear faoi bhráid an Bhinse.
2.3	Déanfaimid maoirseacht ar earcaíocht leanúnach do chomhantas an Bhinse lena chinntíú go mbeidh líon leordhóthanach comhaltaí ann chun tabhairt faoi ualach oibre fairsing an Bhinse.
2.4	Déanfaimid iniúchadh maidir le seomraí éisteachta breise a fháil chun an líon éisteachtaí a d'fhéadfaí a reáchtáil a mhéadú.
2.5	Déanfaimid monatóireacht ar fheidhmiú chóras “call over” an Bhinse lena chinntíú go bhfuil sé ag feidhmiú ar an mbealach is éifeachtaí.
2.6	Déanfaimid infheistíocht i bhforbairt na mball foirne lena chinntíú gur taithí fiúntach atá i gceist le bheith i mbun oibre ar an mBinse agus gur taithí í ina gcuirtear straitéis foghlama ar fáil ina gcuirtear ar chumas na mball foirne scileanna agus cáilíochtaí a fhorbairt a bheidh ina gcuidíú leo maidir le forbairt gairme amach anseo.
2.7	Mar gheall gur sainréimse é réimse an dlí rátála, déanfaimid breithniú maidir le cúrsáí ionduchtúchán agus oiliúint leanúnach a thabhairt isteach agus a éascú do chomhaltaí an Bhinse maidir le cleachtas rátála, prionsabail rátála agus an dlí rátála.

	Dul Chun Cinn an Bhinse a Chlaochlú agus a Chumasú (2020)
2.1 & 2.2	D'fhostaigh an Binse 3 baill foirne eile le linn na bliana 2020 (d'fhoínn an líon foirne lánaimseartha a thabhairt go naonúr) agus cé go bhfaíltítear roimh an méadú i líon na foirne, is faoi réir plean fórsa oibre mionsonraithe, atá le forbairt i gcomhairle leis an Roinn, a bheidh an tsamhail oibríochta is fearr amach anseo.
2.3	Reáchtáil an Binse próiseas roghnúcháin maidir le ceapachán iomaíocha le cúnamh ón Roinn agus ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i mí an Mheithimh 2020 chun 6 comhaltaí breise a fhostú don Bhinse. Leanfaidh an Binse d'athbhreithniú a dhéanamh ar an bpainéal lena chinntíú go mbeidh líon leordhóthanach comhaltaí ar fáil i gcomhair sannacháin chun achomhairc a éisteacht.
2.5	Rinne an Binse iniúchadh agus athbhreithniú ar an mbealach a ndéanann sé éisteachtaí a sceidealú. Mar gheall ar na protacail nua atá i bhfeidhm, cuirtear deis níos fearr ar fáil to pháirtithe achomhairc teacht ar chomhaontú i ndáil le hachomharc gan dul i muinín dáta a shannadh d'éisteacht ionlán. Déanfaidh an Binse monatóireacht ar fheidhmiú chóras “call over” an Bhinse lena chinntíú go bhfuil sé ag feidhmiú ar an mbealach is éifeachtaí.

Cuspóir Straitéiseach 3

Cleachtas oibre reatha a athbhreithniú chun réimsí a aithint ina bhféadfaí éifeachtúlacht a chruthú do dhaoine atá rannphárteach sa phróiseas achomhairc a mhaoirsiú agus a riarr agus nós imeachta achomhairc níos fearr a chruthú do shaoránaigh freisin trí úsáid níos fearr a bhaint as cleachtas ICT nua-aimseartha.

Ní ach le húsáid theoranta a bhaint as bainistíocht cáis a fheidhmíonn an Binse Luachála, mar aon le seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (ICT). Cé gur nuashonraíodh an láithreán gréasáin (www.valuationtribunal.ie), níl mórán d'athrú ná athrú ar bith tagtha ar an gcóras inmheánach ICT ó bunaíodh an Binse. Tá cuid mhór den obair atá i gceist le achomharc a chlárú agus a ullmhú bunaithe ar pháipéar fós agus is beag acmhainn atá sa chórás reatha maidir le staitisticí a eastóscadh agus a chur i dtoll a chéile ná maidir le tuairisciú bainistíochta.

Gan mórán infheistíochta déanta go dtí seo maidir leis an gcóras ICT a fheabhsú nó a uasghrádú, tá an Binse ábhairín as bealach i dtaca le Straitéis Dhigiteach an Rialtais¹.

Tá príomhbhunachar sonraí an Bhinse Luachála as dáta agus easnamhach. Ní mór é a uasghrádú (nó bunachar sonraí nua a chur ina áit) agus córas bainistíocha cáis nua-aimseartha agus slán a chur i bhfeidhm chun sláine sonraí agus comhlíonadh GDPR leanúnach a chinntí mar aon le hacmhainn a bheith ann staitisticí agus tuarascálacha bainistíocha mionsonraithe a chur ar fáil. Ba chóir go mbeadh córas bainistíocha cáis nua inscálaithe agus ba chóir go dtabharfaí isteach feabhsú i gcúramí laethúla an Bhinse maidir le próiseas uathoibrithe.

Tá feabhsuithe ICT curtha i gcrích ag an mBinse le tamall anuas, an láithreán gréasáin san áireamh, ina bhfuil an tsaoráidanois achomhairc a thaisceadh ar líne agus táillí achomhairc a íoc go leictreonach. Chomh maith leis sin, foilsíonn an Binse breithiúnais i ndáil le hachomhairc ar líne anois. Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta, tá an Binse dúthrachtach faoi chórais fheabhsaithe chomhtháite ICT a chur i bhfeidhm chun éascaíocht a dhéanamh ar sheirbhís níos fearr do chustaiméirí. **Cuirfimid na príomhghníomhartha seo a leanas i bhfeidhm d'fhonn an cuspóir straitéiseach sin a bhaint amach:**

¹ *Arb é an príomhchúram atá leis tiomantas an Stáit d'úsáid a bhaint as digitíú agus teicneolaíocht chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a mhéadú maidir le seirbhísí poiblí a chur ar fáil.*

Cuspóir Straitéiseach 3 – Na Príomhghníomhartha	
3.1	Déanfar athbhreithniú ar chleachtais oibre agus ar phróiseas achomhairc an Bhinse d'fholuinn cinneadh a dhéanamh maidir le réimsí ina bhféadfaí éifeachtúlacht a chruthú do na daoine atá rannpháirteach sa phróiseas mar aon le próiseas achomhairc níos fearr a chruthú do chách freisin trí úsáid níos fearr a bhaint as cleachtais láidre ICT.
3.2	Tabhaimid faoi chlár anailíse gnó chun deiseanna maidir le réitigh ICT a aithint chun tacú le próisis ghnó, lena n-airítear sonraíochtaí maidir le riachtanais feidhme ionas go mbeadh acmhainn ann córas bainistíochta cáis nua a thabhairt isteach.
3.3	Déanfaimid iniúchadh ar úsáid uirlisí ICT chun éifeachtúlacht a uasmhéadú agus cumas táirgthe chomhaltas agus fhoireann riarrachán tacaíochta an Bhinse a fheabhsú.
3.4	Déanfaimid athbhreithniú ar ár láithreán gréasáin ar bhonn leanúnach lena chinntiú go gcuirtear taisclann ar fáil do na páirtithe leasmhara chun fanacht ar an eolas faoi na nósanna imeachta achomhairc ábhartha agus go gcuirtear saoráid sho-úsáidte ar fáil chun achomhairc a chur isteach ar líne.
3.5	Déanfaimid iniúchadh an féidir réitigh a chur i bhfeidhm chun cumarsáid a fheabhsú trí úsáid a bhaint as Seirbhís Gearrtheachtaireachtaí (SMS) agus na meáin shóisialta mar mhodh chun fógraí agus nuashonruithe a chur ar fáil.

An Córás Achomhairc ICT a Nua-aoisiú (2020)	
3.1 go 3.5	<p>Leithdháileadh suim €250,000 chuig an mBínse Luachála chun infheistíocht a dhéanamh in acmhainn Theicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (ICT) an Bhinse. Thug an Bínse faoin réamhobair maidir lena thionscadal chun an Bunachar Sonraí IT a uasghrádú. Rinneadh mapáil ar an bpróiseas achomhairc “de réir mar atá” agus aithníodh na riachtanais ardleibhéal a theastaíonn i leith córas bainistíochta cáis atá inscálaithe agus éifeachtúil.</p> <p>I mí na Samhna 2020, chuaigh an Bínse i dteagmháil leis an Oifig Luachála chun breithniú a dhéanamh maidir le tionscadal um Bhainistíocht Faisnéise a fhorbairt chun faisnéis a roinnt idir an dá chomhlacht. Dréachtaíodh doiciméad teicniúil mionsonraithe ina moltar próiseas láidir aistrithe sonraí agus beidh sé ina bhunús i leith cainteanna breise idir na comhlachtaí.</p>

Gluais

An Córás *Call Over* - Thug an Binse córas *call over* isteach chun déileáil leis an leibhéal achomharc nach bhfacthas riamh cheana mar iarracht éascaíocht a dhéanamh ar achomhairc a liostáil ar bhealach níos éifeachtúla agus lena chinntíú go n-úsáidí am an Bhinse ar bhealach níos fearr. Tríd an gcóras *call over*, cuirtear an Binse ar an eolas faoi achomhairc a d'fhéadfaí a réiteach, aithnítear cásanna atá réidh le dul ar aghaidh ionas gur féidir dátaí a leagan síos agus deis a thabhairt don chathaoirleach nó leaschathaoirleach dul chun cinn san achomharc a phlé le hionadaithe na bpáirtithe agus na treoracha a d'fhéadfaí bheith ag teastáil a thabhairt do na páirtithe d'fhoinn an t-achomharc a chur chun cinn.

An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú – Cuirtear creat ar fáil sa chód maidir le dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i rialachas corporáideach ag comhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhchráchtála araon. Tá an cód ar fáil ag: <https://www.gov.ie/en/publication/0918ef-code-of-practice-for-the-governance-of-state-bodies/?referrer=en/revised-code-of-practice-for-the-governance-of-state-bodies/>

An Coimisinéir Luachála – Tá freagracht ar an gCoimisinéir as bainistíocht fhoriomlán na hOifig Luachála, arb é a príomhghnó bonn luachála aonfhoirmeach agus cothrom a bhunú agus a chothabháil trína ngearrann údaráis áitiúla rátaí tráchtála, agus trína gcuirtear luachálacha a dhéantar ar mhaoine tráchtála agus tionscail ar fáil d'íoccírí rátaí agus d'údaráis áitiúla atá cothrom le dáta. Is cuid lárnach den chóras rátála tráchtála in Éirinn na luachálacha seo agus tá siad mar bhonn suntasach ioncaim ag rialtais áitiúla gach bliain.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) – Tá an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) - AE 2016/679 ina rialachán i ndlí an AE a bhaineann le cosaint sonraí agus príobháideacht do gach duine aonair laistigh den Aontas Eorpach.

Athrú Ábhartha in Imthosca – Tugtar sainmhíniú ar Athrú Ábhartha in Imthosca san Acht Luachála 2001. Mar sin féin, is iad seo a leanas na príomhchritéir a bhaineann leis an rial Athrú Ábhartha ar Imthosca a bhaint amach:

1. Tá an mhaoin ina maoin reatha a bhfuil athrú tagtha ar a luach mar gheall ar athruithe struchtúir/fisiceacha (lena n-áirítear damáiste trí thine nó cúis fhisiceach eile).
2. Tá an mhaoin ina maoin reatha atá roinnte ina 2 mhaoin ar leith nó níos mó.
3. Tá dhá mhaoin nó níos mó cónasctha ina maoin amháin.
4. Tá athrú tagtha ar an stádas rátála atá ag maoin reatha. Tarlaíonn sé sin nuair nach bhfuil maoin a bhí inrátáilte roimhe seo inrátáilte a thuilleadh nó nuair atá maoin nach raibh inrátáilte roimhe seo inrátáilteanois.
5. Tá an mhaoin ina maoin nua nár luacháladh cheana.

An Clár Náisiúnta Athluachála – Tá an clár náisiúnta (arna riart ag an Oifig Luachála) ann chun nua-aoisiú córasach a dhéanamh ar an luacháil inrátáilte maidir le gach maoin tráchtála agus tionscail in Éirinn trí léiriú a thabhairt ar luachanna cíosa comhaimseartha agus coinniollacha margaidh chomhaimseartha agus trí sin, tréadhearcacht maidir leis an gcóras rátála údaráis áitiúil a fheabhsú.

Athluacháil – An próiseas trína sanntar luacháil inrátáilte ar gach maoín i gceantar údaráis áitiúil ag an am céanna bunaithe ar luachanna cíosa comhaimseartha.

Athbhreithniú – An próiseas ina ndéantar luacháil ar mhaoine aonair chun críocha rátála idir athluachálacha. D’fhéadfadh iarratais athbhreithnithe maidir le luachálacha teacht chun cinn mar gheall ar “Athrú Ábhartha in Imthosca” i ndáil le maoín tráchtála reatha ar nós síneadh, foroinnt nó cónascadh dhá mhaoín nó níos mó, nó maoín tráchtála iomlán nua a chríochnú.

Rannán Binse – ina gcuimsítéar triúr comhaltaí den Bhinse a shuíonn chun achomharc ó bhéal a éisteacht nó comhalta amháin den Bhinse atá in ann cinneadh a dhéanamh ar an achomharc bunaithe ar fhianaise i scríbhinn agus fianaise sa doiciméad amháin.

An Binse Luachála

An Tríú hUrlár

Teach Holbrook

Sráid Holles

Baile Átha Cliath 2

D02 EY84

Guthán: +353 1 6760130

Facs: +353 1 6425990

Ríomhphost: info@valuationtribunal.ie